

## A-noir ghabhas an gaisgeadh

[McKenna, L.: *Aithdioghluim Dána* (Irish Texts Society, vols 37, 40, 1939/40), poem 2]

1 A-noir ghabhas an gaisgeadh,  
ní anann sé ag síoraisdear,  
don roghaisgeadh - ní rian gar -  
siar thomhaisdear an talamh.

2 Fada a-tá ó thír do thír  
ag imtheacht ar gach n-airdrígh;  
ar chuairt anas ag gach fhior  
fa chuairt ghabhas an gaisgiodh.

3 Do-ní a Lunnainn na learg dte  
cuairt ar bhfágbháil na Fraingce;  
do bhaoi i Saghsanaibh re seal,  
do bhaoi ar gasradhaibh Gaoidheal.

4 An gaisgeadh - ní gníomh folaigh -  
ar mbeith seal i Sacsonaibh  
do ionnsuidh siar eing ar eing  
ón fhiadh fhionnsain go hÉirinn.

5 Do-chuala ar chan Bricne,  
tháinig d'éis gach imirce  
ar clár fhonnmhuighe na n-Art  
do ghrádh chomhnuidhe Chonnacht.

6 Gan iarraidh nír fhágaibh sin,  
dob é iomthús an ghaisgidh,  
port ríogh deiseall an domhain  
do shíol chneisseang Í Chonchobhair.

7 Tug annsacht dob oircheas dó  
ar dtoigheacht a céin chuco  
seach Éireannchaibh don fhine  
tre éinfhearchoin d'áiridhe.

8 Ó Conchobhair chláir Teamhrach  
dar ainm ar tús Toirrdhealbhach,  
an tonn brátha ráidhtir ribh,  
is d'áitibh gnátha an ghaisgidh.

9 Comhnaidhe i gCruachain Meadhbha,  
sé do thogh ag tighearna,  
do-ní an gaisgeadh gun áith fhionn  
ar dtaisdeal cháigh go coitchionn.